





Tuarascáil an Uachtaráin 2015–16










# TRAIDISIÚN AN tSAORMHACHNAIMH

**University College Cork, Ireland**
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |


# Fáilte

Is Í an tuarascáil seo do chríoch na bliana acadúla 2015/16 mo thuarascáil dheireanach mar Uachtaráin Choláiste na hOllscoile Corcaigh. Bhí na deich mbliana deireanacha fíor-eachtrúla le hathruithe suntasacha ar fud an domhain, in Éirinn agus I COC.

Nuair a insealbhaíodh isteach in oifig an Uachtaráin mé i 2007, bhí an t-atmaisféar fíor-dhearfach agus dóchasach le deiseanna gan teorann do cách. Ní fhéadfainn riamh a shamhlú impleachtaí an chúlú eacnamaíochta a chuaigh I bhfeidhm ar gach cearn den domhan. Chuaigh críoch obann an Tíogair Cheiltigh I bhfeidhm go dona ar an ardoideachais in Éirinn. Bhí gearracha leanúnacha ann ar feadh ocht mbliana, le 15% níos lú den mball foirne ag freastal ar 10% níos mó mic léinn, agus gan amhras bhí impeachtaí fadtéarmacha ag na gearracha sin. Ó 2008, tá laghdú de €46 milliún ar phríomh-dheontas COC.

Mar institiúid áfach, thug COC aghaidh go cróga ar an tréimhse déine seo. Stad an meathlú sa tacaíocht ó mhaoiniú státchiste don earnáil i 2015/16. Faoi láthair, tagann níos lú ná 50 cent as gach euro a sholáithrítear go COC ón stat (i gcomparáid le 86 cent I 2006), a bhuíoch leis an bhfás i líon na mac léinn idirnáisiúnta agus fochéime a íocann taillí, chomh maith le héagsúlú san ioncam taighde.


Tá ár gcampas 'glas' álainn ag fás de shíor. I measc na dtograí caipitil is déanaí tá críochnú Áras an Gheata Thiar, atá ar cheann de na háiseanna acadúla is mó agus is nua-aimseartha sa tír. Cuireadh tús leis an togra fíor-uailllmhianach Mol na Mac léinn I 2016 chomh maith, rud a athróidh Áras Windle ina láthair spreagúil do ghníomhaíochta mic léinn.

Tá COC fós ar cheann de na hollscoileanna taighde is fearr maoiniú in Éirinn. I 2016, d'ardaigh ioncam taighde ó bhreis is €6 milliún go €96 milliún. Is ionann ioncam taighde agus 30 fán gcéad nach mór d'ioncam iomlán COC faoi láthair. I dtimpeallacht fíor-iomaíoch, tá an-rath ar COC go dtí seo maidir lena bhfoinsí do mhaoiniú taighde a scaipeadh amach idir an stát, an AE agus tionsclaíocht.

Is í feidhm phríomhúil na hOllscoile ná teagasc a sholáthair dár mic léinn agus gach deis a thabhairt dóibh chun fás agus forbairt. Ainmníodh COC mar 'Sunday Times University of the Year' I 2015/16. Tuairiscíodh sa Sunday Times gurb í an bhéim ar ard-chaighdeán teagaisc atá ar aon dul leis an mbéim ar thaighde is cúis le rathúlacht COC.

I 2015 rinneadh comóradh ar 200 bliain ó bhreith George Boole (1815-1864). Rinneadh céiliúradh ar shaol agus oidhreacht ceannródaí na haoise digití agus an chéad ollamh le matamaitic I COC le clár imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar feadh na bliana. Chríochnaigh an bhliain le nochtadh dealbh bhrád chré-umha George Boole. Is buanléiriú í an dealbh chuimhneacháin ar an 'smaointeoir neamhspleách' is suntasaí dá raibh in COC riamh. Tugann an dealbh aitheantas chomh maith do na baill foirne agus cairde COC ar fad a chabhraigh go mór leis an mbliain comóraidh, ag nascadh ainm George Boole le COC go deo.

Pribhléid a bhí ann dom a bheith mar Uachtaráin ar an ollscoil ar feadh ceann de na tréimhsí ba eachtrúla I stair na hollscoile. Le linn na tréimhse sin, ba í an fhís a bhí agam ná oidhreacht 171 bliain COC a fhás agus ollscoil dhomhanda den scoth a fhorbairt. Níos tábhachtaí ná sin, bhí sé mar aidhm agam bunús daingean a leagadh síos do mo chomharba Patrick O'Shea chomh maith le baill na hollscoile, na mic léinn, comhpháirtithe agus cairde chun fís nua a shamhlú don deich mbliana amach romhainn agus níos faide fós. Guím gach rath air agus ar mo chomhghleacaithe ar fad I COC chun an fhís seo a thabhairt I gcrích.



An Dr Michael B. Murphy
Uachtaráin, Coláiste na hOllscoile Corcaigh.

SIAR AR AGHAIDH

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |










# Spléachadh ar COC

## Líon na Mac Léinn 2015/16

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na mac léinn cláraithe | 21,529 |
| Fochéimí Lánaimseartha | 12,911 |
| Fochéimí Páirtaimseartha | 261 |
| Cianfhoghlaim | 189 |
| Iarchéimí | 4,263 |
| PhD Taighde | 1,178 |
| Máistreacht Taighde | 167 |
| Mic Léinn Lánfhásta | 1,076 |
| Mic Léinn Idirináisiúnta (de réir náisiúnachta) | 4,067 |
| Mic Léinn Idirináisiúnta (domicile) | 3,123 |
| Mic léinn cláraithe le Míchumais | 1,213 |
| Ar Líne | 361 |

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41









# Rangú

| RANGÚ DOMHANDA | 2015/16 |
|---|---|
| Rangú Domhanda QS | 283 |
| Times Higher Education | 351–400 |
| Rangú Leiden | 435 |
| Rangú Sunday Times Irish University | 2 |
| UI Green Metric | 4 |

# Bronnadh Céime

| FOCHÉIM | |
|---|---|
| Céimeanna | 2,986 |
| Teastais agus Dioplómaí | 120 |
| Teastais ACE agus Dioplómaí | 1,012 |
| **Iomlán** | **4,118** |
| **IARCHÉIM** | |
| Céimeanna doctúireachta | 204 |
| Máistreacht – Taighde agus Múinte | 1,447 |
| Teastais, Díoplómaí agus Ard-Díoplómaí | 499 |
| Máistreacht ACE | 40 |
| Díoplómaí ACE agus Ard-Díoplómaí | 201 |
| Máistreacht IMI | 113 |
| Teastais IMI agus Díoplómaí | 484 |
| **Iomlán** | **2,988** |
| **IOMLÁN** | **7,106** |

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41







# Forléargas Airgeadais

| ACHOIMRE IONCAIM 2015/16 | | | |
|---|---|---|---|
| **€m** | **2015/16** | **2014/15** | **Gluaiseacht** |
| Deontaisí Stáit | 43.0 | 41.7 | 1.3 |
| Táillí Mic Léinn | 130.9 | 122.6 | 8.3 |
| Taighde | 96.3 | 89.9 | 6.4 |
| Ioncaim eile | 20.0 | 19.9 | 0.1 |
| **Ioncaim iomlán** | **290.2** | **274.1** | 16.1 |



CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

FORBAIRTÍ ACADÚLA 5

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14

IDIRNÁISIÚNÚ 25

TAIGHDE 28

CORK UNIVERSITY PRESS 36

FORBAIRT CHAIPITIL 37

AIRGEADAS 40

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41






# Forbairtí Acadúla


## An Oifig Iontrála

Tá feidhmeanna na hOifige Iontrála ill-ghnéitheach. Is minic a bhíonn comhoibriú láidir idir phobail uile na hollscoile agus geallsealbhóirí seachtracha. Díríonn an Oifig Iontrála ar Earcaíocht Mac Léinn, Iontráil agus Coinneáil Mac Léinn.

## Céad Roghanna CAO

Bhí séasúr CAO rathúi i COC in 2016, rud a d'athraigh an nós don éileamh náisiúnta i gcúpla roinn. Tá an cur chuige maidir le coinneáil mac léinn atá dírithe ar fhianaise tar éis cabhrú leis an éileamh atá ag fás do chláracha fochéime agus tá ardú de 15% tagtha ar chéad roghanna CAO don ollscoil ó 2012. Tá iontráil mic léinn fochéime ón Eoraip sa chéad bhliain den chéim ag méadú de réir an éilimh atá ann.





CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41







## Earcaíocht Mic Léinn Fochéime

Bíonn an ollscoil ar fad páirteach san iarracht chun cur le hiontráil mic léinn agus tá comhoibriú ar bhonn leanúnach lenár gcomhlleacaithe sa cheithre choláiste fíor-thábhachtach chun leanúint lenár rath i dtaobh sár-mic léinn a mhealladh.

Bhí trí lá de ghníomhaíochtaí earcaíochta i 2016, rud a mheall thart ar 14,000 cuairteoir chuig an gcampas. Tarlaíonn eachtraí ar an gcampas agus go náisiúnta. I measc na n-eachtraí a eagraítear, tá comhdháileacha gairmthreoraí, oícheanta eolais do thuismitheoirí, taispeántais ardoideachais, aonacha gairme, cuairteanna chuig scoileanna, séisúin ceisteanna ar líne agus feachtais margaíochta digiteachta.

Scaipeadh an réamheolaire fochéimí go forleathan, le breis agus 20,000 cóip chrua chuig scoileanna go háitiúil, go hidirnáisiúnta agus níos faide i gcéin.

## Mic Léinn na Chéad Bhliana

Tá tacaíocht do mhic léinn na chéad bhliana mar aidhm thábhachtach ag an Oifig Iontrála. Bhí an clár ionduchtaithe an-rathúil, le 98% de mhic léinn nua i láthair ann. Ina theannta sin, d'fhreastail os cionn 2,000 cuairteoir ar an Freshers Fest i Meán Fómhair.

Tá an Polasaí Athrú Cúrsa, a tugadh isteach mar bheart chun mic léinn a choimeád ag dul ó neart go neart, agus chabhraigh sé le breis agus 100 mac léinn i 2016. Eagraíodh ceardlanna agus semineáir chun tacú le daltaí na chéad bhliana ag amanna strúsmhara le linn na bliana mar chuid den iarracht chun caillteanas mic léinn go luath sa chéim a sheachaint.

Ina theannta sin, chabhraigh Comhordaitheoir na Chéad Bhliana le timpeall 450 cruinniú aonaracha a eagrú. Tuairiscíodh ráta coinneála de 94% don bhliain 2016, figiúr atá ag réiteach go maith leis an tuairisc is déanaí ar an meán ráta coinneála náisiúnta mic léinn de 89%. (HEA 2016)

Cliceáil anseo chun féachaint ar Réamheolaire Fochéime COC:

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41







# Oifig na Staidéar Iarchéime

## Léirmheas ar Cháilíochtaí Neamh-Éireannach

Rinneadh léirmheas sonrach ar cháilochtaí neamh-Éireannach i gcomhar leis an Oifig Idirnáisiúnta. Is féidir le hiarrthóirí ar suim leo staidéar i COC agus stiúrthóirí cláracha measúnú a dhéanamh ar a gcáilíochtaí agus grádanna i dtaobh riachtanais COC le haghaidh cláracha iarchéime ar ár leathanaigh ghréasáin a dhéanann comporáid le hollscoileanna idirnáisiúnta.

## Forbairtí PhD

Tugadh isteach modúl portfólió nua ar fiú cúig chreidiúint le haghaidh mic léinn PhD chun a léiriú conas a chabhraigh na gníomhaíochtaí atá déanta acu le linn a gcuid staidéir don PhD le forbairt cineálacha agus inaistrithe a aithnítear sa Ráiteas Scileanna Céimithe d'Ollscoileanna na hÉireann.

Tugadh isteach PhD by Prior Published Work chun baill foirne agus iarrthóirí seachtracha a bhfuil méid suntasach taighde ar théama áirithe déanta acu a aithint ar an gcaighdeán céanna le PhD.

Síneadh comhaontais PhD leis na hollscoileanna Iodálacha i Teramo agus Bologna.

# Athena SWAN

I Lúnasa 2016, bhí COC ar an tríú ollscoil Éireannach chun duais Athena Swan a bhuachaint. Tacaíonn agus aithníonn an Cairt Athena Swan tiomantas maidir le gairmeacha beatha ban san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht, mata agus leigheas (STEMM), san ardoideachas agus i réimse an taighde a chur chun cinn. Tá obair faoi bhun anois chun plean trí bliana Athena Swan maidir le comhionannas inscne a chur i bhfeidhm faoi threor ghrúpa stiúrthóirí agus tá an leasuachtarán sinsearach, acadóir agus cláraitheoir, an tOllamh Caroline Fennell. Chun an creidiúnú a choimeád, ní mór do COC iarratas nua a dhéanamh i 2019, á léiriú go bhfuil ár bplean gnímh curtha i bhfeidhm againn agus go bhfuil measúnú déanta ar ár ndul chun cinn.

Tá Scoil na Cógaisíochta, Bitheolaíocht, An Scoil Eolaíochtaí Bitheolaíocha, Domhain agus Comhshaoil agus Roinn na Ceimice go léir ag ullmhú iarratais Athena Swan le haghaidh Samhain 2017. Cuirfidh aonaid eile de chuid COC iarratais isteach sa todhchaí.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR



| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |


SIAR AR AGHAIDH










# Teagasc agus Foghlaim

## Barr Feabhais sa Teagasc agus Foghlaim

Cuireadh réimse beartas uile-ollscoile i bhfeidhm le linn 15/2016 ag Oifig an leasuachtaráin le haghaidh Teagaisc agus Foghlaim chun ár gcuspóirí maidir le teagasc agus foghlaim a shásamh. Bronnadh an teideal 'Sunday Times University of the Year' i 2015/16. Tuairiscíodh sa *Sunday Times* gurb é an barr feabhais sa teagasc atá ar aon dul leis an mbéim ar thaighde is cúis leis an rath atá ar COC mar ollscoil.

Tugadh aitheantas don bharr feabhais i dteagasc COC arís ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabsú Teagaisc agus Foghlaim san Ardoideachas a bhronn an Teaching Expert Award ar bheirt bhaill fhoirne de chuid COC i measc na seisear duine dhéag a bronnadh duais orthu ag an searmanas bronnta na ngradam i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Tugadh aitheantas don Dr Ciara O'Toole, sna hEolaíochtaí Urlabhra agus Éisteachta, agus an Dr Orla Murphy, Roinn an Bhéarla ar mhaithe lena sár-obair chun barr feabhais sa teagasc a bhaint amach agus ar mhaithe le tabhairt faoin teagasc mar ghníomhaíocht léannta.

Ar an mbonn idirnáisiúnta, cuireadh an tOllamh David Sheehan, an ceann roinne le déanaí ar scoil na Bithcheimice agus Bitheolaíocht Cealla ar an ngearrliosta don Global Wharton-QS Reimagine Education Award 2016.

## Cláracha Creidiúnaithe sa Teagasc agus Foghlaim san Ardoideachas

Déanann COC infheistiú ar bhonn leanúnach i bhforbairt ghairmiúil sa teagasc agus foghlaim san ardoideachas (T&L in HE) dá bhfoireann, mic léinn iarchéime agus taighdeoirí iardhochtúireachta, rud a thugann deiseanna dóibh breithniú agus feabhas a chur ar a scileanna teagaisc agus usáid a bhaint as oideolaíocht inniúlach. I mbliana seoladh clár T&L in HE ar líne, agus bhí COC ar an gcéad institiúid ardoideachais in Éirinn chun é seo a dhéanamh, tríd an Centre for the Integration of Research, Teaching and Learning (CIRTL). Tá cáil orainn mar cheannairí sa réimse seo mar gheall ar ár gcúrsaí creidiúnaithe sa teagasc agus foghlaim, le breis agus 70% dár bhfoireann páirteach i bhforbairt ghairmiúil sa teagasc agus foghlaim, an uimhir is airde san earnáil ardoideachais in Éirinn. Meallann na cláracha seo baill foirne agus institiúidí triú leibhéil eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar bhonn leanúnach. Tá sonraí ar na cláracha le fáil ag: **www.ucc.ie/en/ckb02**

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41












Líon na rannpháirtithe cláraithe I gcúrsaí creidiúnaithe ag CIRTL

## Cláracha Idináisiúnta do Léachtóirí Cuairte

Cuireann an CIRTL maraon le Lárionad Teanga COC réimse cúrsa forbartha foirne ar fáil d'acadóirí cuairte ó ollscoileanna comhpháirtithe a nascann cur chun cinn an Bhéarla le forbairt Teagaisc agus Foghlaim. Sa bhliain 2015/16 mheall na cúrsaí seo 22 scoláire idirnáisiúnta don chlár seimeastair, agus 34 scoláire chuig na scoileanna geimhridh agus samhraidh. Thacaigh an CIRTL le beagnach 100 ball foirne sa Chlár do Léachtóirí Cuairte go dtí seo agus tá sé i bpáirt anois le seacht instidiúidí ardoideachais sa tSín.

# Aosoideachas Leanúnach


## 70 Bliain d'Aosoideachas Leanúnach ag COC

I 2016 rinne COC comóradh ar 70 bliain d'aosoideachas. Chuir an bhliain chomóraidh béim ar inniúlacht fhadtéarmach na hollscoile maidir le foghlaim fad saoil a chur chun cinn faoi stiúir an Uachtaráin Alfred O'Rahilly agus clár aosoideachais COC 1916.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |





Le linn na tréimhse seo, chur an ACE 125 cúrsa ar fáil agus chláraigh os cionn 2,800 mac léinn sna cláracha creidiúnaithe agus gearrchúrsaí. Bhí na cúrsaí ar bun i 125 ionad foghlama in Éirinn, Tuaisceart Éireann, agus Dubai.

I measc na gcúrsaí suntasacha a bhí ar fáil, bhí Teastas/Dioplóma i Staidéar Uathachais, teastas i Sláinte Mheabhrach sa phobal agus an réimse cláracha Pathways (comhar creidmheasa), rud a nascann COC go hionaid i ngach ceann de na ceithre chúige.

Ar an mbonn idirnáisiúnta mheall an Scoil Samhraidh Ginealais mic léinn ó gach cearn den domhan agus cuireadh an tArd-Dioplóma sa bhForbairt Cheannaireachta i láthair ar suíomh na n-oifigí idirnáisiúnta Allianz i Dubai.

## Cork Learning Neighbourhoods Project

Stiúraíonn an ACE an Cork Learning Neighbourhoods Project ar son COC, agus is tionscamh lárnach é den Cork Cathair Foghlama UNESCO, Corcaigh. Is tionsnamh comhpháirtíochta é seo a bhfuil réimse mór de gheallsealbhóirí pobail, reachtúla agus príobháideacha páirteach ann, mar aon le háitritheoirí áitiúla, Comhairle Cathrach Chorcaí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus, ó 2017, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Sa bhliain tosaigh, ba iad Cnoc na hAoine agus Baile Féitheán I gCorcaigh na comharsanachta a roghnaíodh don tionscnamh agus beidh An Tóchar agus Baile na mBocht páirteach ann ó 2017.

I measc na ngíomhaíochtaí, bhí sraith de léachtaí pobail, an Free University series don Féile Foghlama Feadh an tSaoil Chorcaí, cuairteanna ó fhoghlaimeoirí pobail chuig léachtaí ar an gcampas, feachtas póstaeir 'Faces of Learning', agus Failtiú an Ard-Mhéara inar tugadh aitheantas d'acadóirí COC. Tá breis eolais le fáil ag: **https://www.ucc.ie/en/media/studyatucc/adulted/LearningNeighbourhoodsPilotReview[5129].pdf**

## Cathair Foghlama UNESCO

Thug ACE and an OVPTL ionadaíocht do COC ag roinnt leibhéal I bhforbairt an tionscnaimh Cathair Foghlama UNESCO tar éis síniú an meabhrán comhaontaithe Cathair Foghlama idir COC, Comhairle Cathrach Chorcaí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí I Meitheamh 2015. Ina measc thug siad aitheantas ar rannpháirtíocht uile-phobail ag an triú comhdháil de chuid Cathair Foghlama UNESCO I gCathair Mheicsiceo. Chabhraigh rannpháirtíocht ghníomhach COC leis an gcinneadh chun aitheantas a thabhairt do Chorcaigh mar an chéad chathair Éireannach de chuid Cathair Foghlama UNESCO (níl ann ach 12 ar fud an domhain) agus leis an gcinneadh chun an ceathrú chomhdháil de chuid Cathair Foghlama UNESCO a chur I láthair I gCorcaigh I Meán Fómhair 2017.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |









## Aosoideachas ar líne

Seoladh an chéad chlár, Teastas I Staidéar Uathachais (NFQ 6) I mí Eanáir 2016 le 90 mac léinn. Tá sé ar an gclár ar líne is mó atá ag COC go dtí seo. Mar gheall ar an rath seo, beidh dhá bhliain I gceist leis an gcúrsa ó Mheán Fómhair 2017, rud a thabharfaidh an deis d'fhoghlaimeoirí ar líne chun dul ar aghaidh go dtí an Dioplóma I Staidéar Uathachais (NFQ 7).

# Clár Quercus na Mac Léinn Tréitheach

Thacaigh an clár seo le 38 Scoláirí Quercus (18 scoláirí nua ina measc), 102 Scoláirí an Choláiste agus 74 Scoláirí Iontrála Quercus i 2015/16. Cuireadh an Ocáid Chéiliúrtha Quercus, inar cuireadh fáilte roimh Scoláirí Quercus nua, I láthair san Aula Maxima I mí na Nollag. Le linn na bliana, bhí Joanne O'Riordan ar an gceann Feadhna is óige riamh ag paráid Naomh Pádraig I mBaile Átha Cliath. Ina theannta san bhronn an Comhlachas Sóisearach an teideal 'Outstanding Young Person of the World' uirthi sa tSeapáin.

Bliain an-rathúil a bhí ann do Scoláirí Spóirt Quercus. Bhain John Power (Cill Chainningh) and Amy O'Connor (Corcaigh) boinn I gCraobh na hÉireann san iománaíocht agus camógaíocht shinsearach I bPáirc an Chrócaigh. Bronnadh an teideal Fiontraí na Bliana COC ar an Scoláire Quercus Nuálaíochta/Fiontraíochta Marie Martin. Bhuaigh an Scoláire Spóirt Quercus Chris Mintern an teideal sa Trí-atlan Náisiúnta Shinsearach agus sa Trí-atlan Bhaile Átha Cliath I Samhradh 2016. Tosaigh sraith d'ocht léachtaí I mí Eanáir 2016.

# Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta

Tá an OVPTL dírithe ar dhul chun cinn na nua-theicneolaíochta agus an riachtanas sár-thábhachtach atá ann chun fáiltiú a chur roimh theicneolaíochtaí nua san ardoideachas. I 2015/16, seoladh suíomh gréasáin don dearadh teagascach (**http://instructionaldesign.ucc.ie**). Cuireann sé seo taisclann eolais lárnach ar fáil le mórán eolais usáideach faoi theagasc le cuidiú teicneolaíochta agus an dearadh teagascach.

Seoladh clár traenála nua d'fhoireann COC mar thoradh ar comhairliúchán foirne ar litearthacht dhigiteach. Sholáithrigh an clár traenáil sa litearthacht dhigiteacht do bhreis agus 200 ball foirne. Díríonn na seisiúin thraenála ar ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta agus déantar léiriúcháin agus comhoibiriú sna seisiúin atá dírithe ar an gcleachtas is fearr maidir le teicneolaíocht a usáid go héifeachtach sa seomra teagaisc san ollscoil.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41








## COC Ar Líne

Tá ról tábhachtach ag an teagasc ar líne I bhfís straitéiseach agus misean na hollscoile. Tá fás suntasach tagtha ar an teagasc ina gcuirtear treor agus ábhar ar fáil ar líne in ollscoileanna ar fud an domhain le deich mbliain anuas, agus tá COC páirteach sa nós seo.

Tá sé mar aidhm againn cláracha ar líne COC a chur chun cinn agus bhunaigh sé an Foireann Deartha Chomhairleach Ar Líne I 2015/16 chun tacú le forbairt agus cur I láthair cúrsaí ar líne. D'ardaigh líon na gcúrsaí ar líne atá ar fáil i COC go 16 le 361 mac léinn ar líne san iomlán.

## Scoláireacht sa Teagasc agus Foghlaim

Leanann COC lena barr feabhais sa teagasc agus foghlaim. Tá mórán deontas náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach ag an ollscoil le haghaidh taighde ar theagasc a bhuíochas lena cur chuige iomaíoch.

I Nollaig 2015 fuair an OVPTL maoiniú ón bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlaim chun tionscadal comhoibríodh a threorú dár ainm 'Transformation Through Collaboration – Building Digital Literacies in HEIs'. D'aimsigh an tionscadal 45 foireann acadúil ó chúig institiúidí ardoideachais mar 'digital champions' agus thug sé tacaíocht dóibh chun a scilleanna san inniúlacht dhigiteach a fheabhsú agus chun a gcuid eolais a roinnt trí fhorbairt a n-acmhainní commónta ag **www.digitalchampions.ie**

Bhí an Technology Enhanced Learning Week (TEL) mar bhuaicphointe an tionscadail seo treoraithe ag COC. Ghlac 23 institiúid ón earnáil Ardoideachais in Éirinn páirt I réimse comhpháirtíochtaí chun 50 eachtra TEL a chur I láthair timpeall na tíre.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

FORBAIRTÍ ACADÚLA 5

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14

IDIRNÁISIÚNÚ 25

TAIGHDE 28

CORK UNIVERSITY PRESS 36

FORBAIRT CHAIPITIL 37

AIRGEADAS 40

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41






## Teagasc agus Foghlaim le haghaidh thodchaí inbhuanaithe

Tá Teagasc agus Foghlaim ar cheann de na réimsí tábhachtacha le haghaidh straitéis inbhuanaithe COC a seoladh i 2016. Tá rath buan na mac léinn nascaithe le hionchorpú inniúlacht timpeallachta agus inbhuanaitheacht sna cleachtais teagaisc agus foghlama. Seoladh an módul 'Putting education for sustainability in its place: Put yourself in the picture' don ollscoil ar fad I mí Eanáir 2016 I bpáirt le 15 disciplín agus Fóram Glas COC.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tá COC dírithe ar dheiseanna níos fearr a sholáthair le haghaidh rannpháirtíocht níos fearr sa for-rochtain agus sa bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach agus I 2016 bunaíodh Ionad le haghaidh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach. Tá sé mar aidhm ag an ionad seo rochtain agus solúbthacht le haghaidh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a mhéadú; chun tacaíocht a chur ar fáil chuige seo ar fud na hollscoile chun é a chur in oiriúint don mhargadh proifisiúnta. Cruthóidh sé seo struchtúr comhdhlúite dóibh siúd gur mian leo tabhairt faoi Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach san ollscoil.



CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |








# Saol na Mac Léinn agus Eispéireas na Mac Léinn

## Ceannasaí Taithí an Mhic Léinn

Ceapadh an Dr Michael Byrne mar Cheannasaí Taithí an Mhic Léinn i Mí na Nollag 2015. Ba é an Dr Byrne Iar-Cheannasaí ar Roinn Sláinte na Mac Léinn.

## Mol na ndaltaí

Tá an Oifig um Thionscadal Taithí an Mhic Léinn i gceannas ar Thionscadal ollmhór ollscolaíoch go forleathan chun dearadh a chruthú ar Mhol an Mhic Léinn bunaithe ar an gcampas in Áras Windle. Lóisteáladh an t-Iarratas Pleanála i Mí na Nollag 2015 le cead pleanála bronnaithe i Mí Mheithimh 2016. Freastalóidh an mol ar cheithre príomh-ghnéithe de thaithí an Mhic Léinn:

- Taithí theagaisc agus foghlama na mac léinn agus an fhoireann
- Rochtain ar Riaracháin acadúil an mhic léinn agus seirbhísí tacaíochta
- Forbairt agus infhostaitheachta an mhic léinn
- Rannpháirtíocht agus dul i ngleic le gníomhaíochtaí mic léinn

## Oifig um Thionscadal Taithí an Mhic Léinn

Tá an Oifig um Thionscadal Taithí an Mhic Léinn ag leanúint leis an gcomheagrúcháin ar cheithre príomh-ghrúpaí Tionscadail:

- Cumarsáid a dhéanamh ar thaithí an mhic léinn
- Forbairt ar oilteacht foirne
- Feabhas ar thaithí an mhic léinn
- Feabhas ar thaithí teicneolaíochta an mhic léinn

Tá an nuachtlitir sheachtainiúil Nuacht an mhic Léinn (*Student News*) a láinseáladh i Mí Mheán Fómhair 2015, tar éis feabhas a chur ar eolas agus seirbhís custaiméara, agus mar thoradh ar sin, tá laghdú suntasach tar éis teacht ar thrácht ríomhphoist chuig mic léinn. Bunaíodh leathanach Facebook i 2016 chun cur leis an nuachtlitir.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41









# Ag cabhrú le For-rochtain agus Aistriú chuig an Ollscoil

## Seirbhís Tacaíocht Míchumais (STM)

Tugann an Seirbhís Tacaíochta Míchumais tacaíocht do mhic léinn le linn a n-aistear i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, ón réamh-iontráil go dtí an bronnadh céime. Cuireann an seirbhís réimse sain-idirghabhálacha ar fáil atá bunaithe ar an bprionsabal cumhachtú a thabhairt do mhic léinn le míchumais.

Claraíodh 1,213 mic léinn le STM i 2015/2016. Léiríonn an figiúr seo méadú 9 fán gcéad ó 2014/2015.

Bhí méadú mór ar an méid mic léinn ag clárú le breoiteacht suntasach leanúnach, coinníolacha sláinte intinne agus mí-ord speictream uathachais. Rinne an seirbhís seo nasc le seirbhísí eile mic léinn chun feabhas níos mó a chur ar thacaíochtaí le haghaidh na catagóirí míchumais seo. I 2015/2016, d'úsáid an STM teicneolaíocht chun teagmháil a bhrostú le daltaí agus roinn acadúla.

- Bhog an STM go dtí bainistíocht comhadú teicneolaíochta ar gach mac léinn cláraithe leis an seirbhís.
- Forbaíodh córas clárúcháin ar líne (**www.ucc.ie/en/dss/registration**) chun bainstíocht a dheanamh ar an méid mic léinn le míchumais ag clárú leis an DSS ag tús an bhliain acadúil.
- D'úsáid an STM an (DMIS) Córas Eolas Modúla Rannóg chun teagmháil a dhéanamh le roinn acadúla maidir le riachtanais na ndaltaí le míchumais.
- Uaslódáileadh réimse podchraoltaí go dtí an suíomh idirlíne STM chun cabhrú le mic léinn le n-úsaid teicneolaíochtaí chabhrach: **www.ucc.ie/dss/assistivetech**
- Déanadh taifead ar 138 modúil acadúla ag úsáid an córas gabhála léachtóra Panopto. Cuireadh na léachtanna seo ar fáil ar Blackboard do dhaltaí cláraithe leis an seirbhís.

I 2015/16, d'oibrigh an STM le fostaitheoirí i réigiún Chorcaí chun clár intéirneacht íochta a chur ar fáil, ag tairiscint taithí oibre do chéimithe le míchumais.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41








## Oifig na Mic Léinn Lánfhásta

Sa bhliain 2015/2016, chláraigh 325 fochéimithe lánfhásta lán-aimseartha céad bliana le COC, rud a mhéadaigh líon na mac léinn lánfhásta cláraithe san Ollscoil go 1,076 duine.

Bhí líon na gcustaiméirí sa seomra comónta mic léinn lánfhásta níos mó ná 14,300 le linn na bliana acadúla 2015/16. Bhog an seomra caidrimh le linn an tsamhraidh 2016 ó Áras Windle go dtí Uimhir 4 Taobh na Carraige ar Bhóthar an Choláiste. Fáiltíonn an spás comharchumainn, ar a nglaotar anois seomra caidrimh na mac léinn lánfhásta agus Iarchéimithe, roimh mhic léinn lánfhásta, Iarchéimithe agus páirt-aimseartha araon.

Ón 872 achomhairc taifeadta den tacaíocht le linn 2015/2016, bhí 111 curtha i leith tacaíocht acadúla tríd ranganna teagaisc duine ar dhuine. Achomhairc san áireamh ná grúpaí teagaisc, tacaíochtaí sóisialta, cóitseáil saoil agus tarchuir.

## UCC PLUS+

Léiríonn an iontógáil i 2015/2016 de 249 mac léinn ó chúlra faoi mhíbhuntáist socheacnamaíochta, faoin scéim HEAR Fáil ar Ardoideachas, níos mó ná 6% den iontógáil foriomlán mac léinn.

D’oibrigh Clár UCC PLUS+ I gcomhpháirt le breis is 40 scoileanna dara leibhéil agus bunscoileanna i gCorcaigh, Ciarraí agus ceantar Port Láirge. Sa bhliain 2015/16 ghlac breis is 5,000 mic léinn agus tuairim is 500 tuismitheoir páirt i ngníomhaíochtaí for-rochtana a reachtáladh sna scoileanna agus ar champas.

Thug an Clár Meantóireachta Lucht Taistil tacaíocht do bhreis is 120 mic léinn ar lucht taistil iad tríd 15 scoileanna i gCathair Chorcaí agus Contae Chorcaí.

Fostaíodh 93% de chéimithe UCC PLUS+ 2015 nó chuadar ar aghaidh leis an staidéar sé mhí i ndiaidh an Chéimniú.

Bhain 912 mic léinn tairbhe as an Cúnamh Maoiniú Mac Léinn, agus bhí beagnach 300 mic léinn bainteach leis an gComhairleoir Buiséadach Mac Léinn.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41







# Éascú ar dul i ngleic le saol an mhac léinn

## Seirbhís Lóistíne

Mar thoradh ar an nganntanas náisiúnta lóistíne, rinne an Oifig um Thionscadal Thaithí Mac Léinn comhordú ar an seirbhís socrúcháin mac léinn le haghaidh grúpaí mic léinn leochaileacha ag dul isteach i gCOC sa bhliain 2015/16. D'aithneódh iad seo mar mhic léinn lán aimseartha, céad bealach isteach, idirnáisiúnta agus mic léinn céad bliana.

Fé Mí Lúnasa 2016, cuireadh 1,095 mic léinn idirnáisiúnta i lóistín. Faoi mhí na Nollag 2016, cuireadh 461 mic léinn iontógail-earraigh 2017 i lóistín.

Faoi Mhí Mheán Fómhair 2016, cuireadh 503 mac léinn i lóistín.

## Amharclann na Gráinsí

Sa bhliain 2015/16, chuir amharclann na gráinsí 37 léiriúcháin iomlána ar stáitse. I bhformhór de na seóanna bhí mic léinn COC san áireamh, le rólanna cruthaitheacha, léiriúcháin agus ar an stáitse. Chuir Cumann Dramaíochta COC Dramat 11 léiriúcháin ar siúl in Amharclann na nGráinsí.

D'oibrigh Amharclann na Gráinsí i gcomhpháirt le Féile Samhraidh Chorcaí chun seó nua darbh ainm *Dark Kingdom* a chomh-léiriú, bunaithe ar scéalta Kevin Barry agus curtha in oiriúint don stáitse ag céimí COC Eadaoin O'Donoghue.

Chomh maith le sin rinne Amharclann na Gáinsí/Féile samhraidh Chorcaí comh-léiriú ar leagan nua de *A Midsummer Night's Dream* le Shakespeare, le foireann aisteoirí mic léinn COC agus aisteoirí óga Corcaíocha i mí Mheithimh. Díoladh na ticéidí ar fad chuige agus bhain siad an-cháil amach acu.

Cuireadh an Fhéile Stiúrthóirí Nua ar ais i bhfeidhm i 2015 don chéad uair ó 2008, le ceithre dráma curtha ar siúl le chéile, le roinnt maoiniú faighte ón Chomhairle Ealaíne. Thaispeáin an Fhéile Stiúrthóirí Nua fuíollach mac léinn COC, roinnt atá fós I láthair ann agus iar-mhic léinn, i sraith eachtraí a lean ar feadh na míosa in ómós d'ealaíon an stiúrthóra stáitse i rith mí Mheán Fómhair 2015.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41








I rith 2015/16, d'fhreastail 5,000 mac léinn ar léiriúcháin in Amharclann na Gráinsí, le breis is 200 mac léinn ag obair sa foirgneamh mar thaibheoirí, stiúrthóirí, scíbhneoirí, léiriúcháin, teicniúil agus in oifig na dticéad. Is iad na príomh daoine a n-úsáideann an foirgneamh ná an Cumann Dramat agus mic léinn ón Roinn Drámaíochta agus Staidéar Amharclainne.

Faigheann mic léinn COC traenáil den chéad scoth fad is atá siad ag obair in Amharclann na Gráinsí. Tá na scileanna seo bunaithe ar sár-chleachtadh idirnáisiúnta agus téann líon mór mac léinn díreach chun staidéar a dhéanamh i Saothracht na taibh-ealaíona agus iad in ann obair in amharclanna comhaimseartha agus le comhlachtaí amharclainne.

## Rannpháirtíocht sa Spóirt agus Gníomhaíocht Fisiciúil

Tá iarrachtaí i mbun oibre chun na pleananna dearaidh a chinntiú don 'fheirm nua' chun áiseanna spóirt COC a fheabhsú i gCurraichín. Tá sé seo ag cur deis ar fáil do na húdaráis ollscoile chomh maith chun breathnú ar na háiseanna atá ann faoi láthair sa Mardyke agus sa timpeallacht sin chun cinntiú go bhfuil mic léinn COC in ann teacht ar na háiseanna spóirtiúla agus fóillíochta is fearr ag dul ar aghaidh.

## Clubanna agus Cumainn

Bhí seasca clubanna spóirt gníomhach ar an gcampas don bhliain acadúil, ag cur spóirt agus gníomhaíocht fisiciúil ar fáil ag gach leibhéal do mhic léinn. Leanann clubanna spóirt COC ag baint cáil amach don ollscoil bliain i ndiaidh bliana. Níorbh aon eisceacht í an bhliain 2015/2016.

Bhain foireann lúthchleasaíochta na mban clú is cáil amach sna meáin nuair a tháinig Phil Healy sa séú háit chun an chos dheiridh a bhuachaint den imeacht idir-ollscoile 4 x 400 méadar i bhfaisean den scoth. Tá breis is 3 milliún duine tar éis féachaint ar an gcluiche cheannais ar Youtube.

Fuair club rugbaí COC urraíocht go dtí Deighilt 1B den Srath Uile-Éireann.

Bhain Club sacar COC amach an dara háit i Srath Sinsearach na Mumhan, ag cailliúint amach ar an teideal sa chluiche deireanach den séasúr. Bronnadh Imreoir na Bliana Srath Sinsearach na Mumhan ar Sean O'Mahony don séasúr sacair 2015/2016.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41









Bhuaigh Foireann Cispheile na mban COC na h-idir-ollscoile céad bliana.

Bhuaigh club cispheile na fir COC an chéad deighilt idir-ollscoile cispheile. Bronnadh duais sár-imreora agus MVP ar Adrian O'Sullivan.

Bhí seaimpíní Sraithe Demons COC - mic léinn COC Adrian O'Sullivan agus Jack O'Mahony, mar chuid den bhuíon.

Roghnaíodh an buaiteoir scoláireacht Spóirt HPAE COC Adrian O'Sullivan le haghaidh an Club Éirinneach a d'imir sa FIBA Eorpach agus ar bhuíon Sinsearach na bhfear Éireannach a bheidh i gcomórtas sna Craobhchomórtais Eorpach na násiún beaga an samhradh seo.

Roghnaíodh Sarah Kenny ó COC le haghaidh foireann na mban Éireannach chun imirt sa Chraobhchomórtas an samhradh seo.

Bhuaigh Club Judo COC an teideal iomlán idir-ollscoile don chéad uair ríomh i stair an chlub.

Chaill Club camógaíochta COC an chluiche Cheannais Ashbourne leis an gcúl deireanach den chluiche.

Bhí Paul Kiernan ó Chlub rugbaí COC, mar bhall d'fhoireann rugbaí Éireannnach faoi 20, a chaill amach sa bhabhta cheannais den Chorn Domhanda.

Rinne an luthchleasaí COC Phil Healy ionadaíocht d'Éire i gCraobhchomórtas Luthchleasaíochta Sinsearach na hÉireann i Samhradh 2016.

Bronnadh an teideal Seaimpín Domhanda Sinsearacha WAKO – 50kg ar can gcicdhornálaí Lily de la Cour.

| Duais Bhliantiúil COC Sárimreoir Spóirt | |
|---|---|
| **Adrian O'Sullivan** | Cispheil |
| **Pamela Mackey** | Camógaíocht |
| **Brian Begley** | Peil Ghaelach |
| **Tadhg de Búrca** | Iománaíocht |
| **Lily de la Cour** | Cicdhornálaíocht |
| **Marie Ambrose** | Peil Gaelach na mBan |
| **Peter Coulter** | Hacaí na bhfear |
| **Paul Kiernan** | Rugbaí |
| **Sean O'Mahony** | Sacar |
| **Chris Mintern** | Trí-athlan |

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41







**Duais Gaisce speisialta Kieran Dowd:**
Susan Dwane, Club Cearáite COC le haghaidh a bhlianta seirbhíse mar chóitseálaí club.

Ag an mBál bliaintiúil Clubanna agus Cumainn, bronnadh gaiscí ar na daoine seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Sár-chlub na bliana | **Club Hacaí (M & L)** |
| Club is feabhsaithe den bhliain | **Cispheil** |
| Imeacht is iomaíche den bhliain | **Teitreatlan Idir-ollscoile – Club Eachrach** |
| Imeacht neamh-iomaíochta den bhliain | **Turas sciála – Club Spóirt sneachta** |
| Mac Léinn Chéad bhliana | **Faye Mansfield – Club Eachrach** |
| Suíomh Idirlíne na bliana | **Club Júdó** |
| Pearsa Club na bliana | **Annie Walsh** |
| Buaiteoirí Bene Merenti | **Greg Chambers – Haca na bhFear** |
| | **Aisling Hickey – Liathróid Raicéid** |
| | **Neil McSwiney – Rámhaíocht** |
| | **Neil Collins – Leadóg** |
| | **Stephen Quirke – Leadóg** |
| | **Emma Hogan – Haca Inlíne** |
| | **Hannah Lane – Rugbaí na mBan** |

## Imeachtaí Idirnáisiúnta

D'óstaigh Roinn Spóirt COC an Comórtas Craoibhe Hacaí faoi 18 sa Mardyke i mí Iúil 2016. Roimh an gcomórtas, d'óstaigh an Mardyke dhá chluiche hacaí Sinsearacha Idirnáisiúnta: Éire in aghaidh an Ísiltír. Bhí an dá fhoireann ag traenáil le haghaidh na cluichí oilimpeacha Rio 2016.

## Na hOilimpeacha/Parailimpeacha

Rinne céimithe COC, reathaí maratón Lizzie Lee ionadaíocht le haghaidh Éire ag na cluichí Oilimpeacha Rio i samhradh 2016.

Rinne céimithe COC Patrick O'Leary agus John Twomey, agus Iar-mhac léinn Niamh McCarthy ionadaíocht d'Éire ag na cluichí parailimpeacha i Rio. Bhuaigh Niamh bonn airgid ina himeacht teisce.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41







# Cumann na Mac Léinn

Cuireann breis is 103 cumainn faoi stiúir na mac léinn a reachtálann thart ar 40-50 imeachtaí gach seachtain go mór le rathúlacht an champais i gCOC. Choimeád ar an iomlán 1,036 mac léinn a n-áiteanna toghaithe i gcumainn éagsúla, idir áiteanna polaitíochta agus díospóireacht, reiligiúnach agus carthanachta, eolaíochta agus innealtóireachta, leighis agus sláinte, na healaíne, teangacha agus eolaíocht sóisialta, cruthaitheacht agus cúrsaí gnó agus dlí.

Bailíodh breis is 170,000 le haghaidh carthanais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Lean cumainn éagsúla ar aghaidh lena gcuid oibre i gcláracha for-rochtain éagsúla, a chuireann go mormhór le taithí na mac léinn. Baineann an pobal i gcoitinne tairbhe as reimse leathan tionscnaíochta cosúil le meantóireacht scoile, clubanna obair bhaile, litreacht an lucht taistil, for-rochtain aosta, díospóireacht scoile, agus ranganna ealaíne do dhaoine le míchumais intleachtúil.

## Buaiteoirí Gradam na gCumainn 2015/16

| | |
|---|---|
| Feachtas is fearr | **Feimineach – Rise Above It** |
| Bainistíocht airgeadais is fearr | **Netsoc** |
| Feachtas cumainn is fearr | **Feimineach** |
| Feachtas Sláine Intinne is fearr | **Siceolaíocht** |
| Imeacht Déirciúla is fearr | **Warpcon** |
| An Weeklong is fearr Best Weeklong | **Tráchtáil – Digital Marketing Summit** |
| Acadóir is fearr | **Comhdháil Dlí** |
| Imeacht is cruthaithí | **Ceoil – Battle of the Bands** |
| Núálaíocht is fearr | **Timpeallachta** |
| Acadóir is fearr | **Cógaslann** |
| Cruthaitheoir is fearr | **Cniotáil** |
| Cumann Díospóireachta agus Polaitiúla is fearr | **Feimineach** |
| Cumann reiligiúiní agus is déirciúla | **Friends of Médecins Sans Frontières (MSF)** |
| Cumann is sóisialta | **Macra na Feirme** |
| Cumann is feabhsaithe | **Friends of MSF** |
| Rannpháirtíocht Phobail | **Warps** |
| Imeacht is fearr | **Warpcon** |
| Cumann beag is fearr | **Feimineach** |
| Comhoibriú is fearr | **Fealsúnacht & Amnesty** |
| Rogha na gCumann | **Feimineach** |

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41







## Gradaim aonair 2015/16

| | |
|---|---|
| **Clodagh Feehely** | Fealsúnacht |
| **Keith Kavanagh** | LGBT |
| **Ellie Mahony** | Feimineach |
| **Sean O'Regan** | Cúntasaíocht |
| **Marie Claire O'Sullivan** | Cúntasaíocht |
| **Sean Whelan** | Cairde MSF |
| **Martha Ewence – Pearsa na Bliana** | Caidreamh Idirnáisiúnta |
| **Beth Mallen – Fresher na Bliana** | IR agus Fealsúnacht |

# Ag tacú le Sláinte na Mac Léinn agus Folláine

## Séiplíneacht

Chuir an tSéiplíneach tacaíocht tréadach agus spioradálta ar fáil go dtí mic léinn COC, foirne, alumni agus foirne éirithe as. Leanann an t-Ionad Séiplíneacht ar bhóthair an Choláiste ag tarraingt líon mór mic léinn ar bhonn laethúil, a dtagann de bharr cúiseanna éagsúla. Mhéadaigh an tSéiplíneacht a láithreacht timpeall an champais níos mó le táblaí for-rochtain ag soiléiriú na seirbhísí atá ar fáil do dhaltaí. Anuas ar sin, freastalaíonn an tSéiplíneacht ar líon mór mic léinn tríd turasanna áitiúla agus idirnáisiúnta, oilithreachtaí, cúrsaí spioradálta agus siúlóidí.

## Comhairleoireacht agus Forbairt na Mac Léinn (SCD)

D'úsáid tuairim is 1,172 mic léinn an tseirbhísle haghaidh comhairleoireacht aonarach; bhí 5,330 séisiúin molta. D'osclaíodh cúig seomraí nua comhairleoireachta agus láthair feithimh in Áras na Mac Léinn le tacaíocht ó Aontas na Mac Léinn.

Bhí córas nua teicnolaíochta insealbhaithe a lig don SCD dul gan an páipéarachas maidir le sonraí mac léinn a phróiseáil.

Chuir SCD forbairt i gcríoch maidir le traenáil Aitheantas agus Freagairt do mhic léinn ciapaithe agus i mbaol a cabhraíonn le foirne chun comharthaí a n-aithint maidir le ciapadh agus daoine i mbaol, agus eolas a bheith acu maidir le conas é seo a fhreagairt nó a athreorú. Tá an traenáil seo faoi stúir ag an gComhairleoireacht Siceolaíochta in Árdoideachai na hÉireann agus beidh sé curtha i bhfeidhm i ngach institiúid triú-leibhéal sa tír.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41

SIAR AR AGHAIDH









Thaispeáin suirbhé de dhaltaí a fhreastalaíonn ar chomhairleoireacht go gceapann 92% de mhic léinn go bhfuil an chomhairleoireacht éifeachtach/an-éifeachtach agus thaispeáin sé gur cheap 80% de mhic léinn a bhí idir dhá chomhairle an Ollscoil a fhágaint go raibh an chomhairleoireacht tábhachtach/an-tábhachtach agus iad ag iarraidh cinneadh a dhéanamh maidir le fanacht i COC.

## Piarthacaíocht

Tugadh traenáil do 287 Ceannairí Piarthacaíochta agus chuir siad tacaíocht ill-ghnéitheach ar fáil do 3,500 mac léinn na bhliana. Dlúthchuid anois atá ann de Chlár Ionduchtaithe COC agus d'oibrigh na Ceannairí Piarthacaíochta 2,968 ar bhonn deonach le linn na tréimhse seo. Ceapadh David Carey mar an Tacíaí do mhic léinn phiarchuidithe nua mí Lúnasa.

## Sláinte na Mac Léinn

Sholáithrigh Roinn Sláinte na Mac Léinn níos mó ná 21,000 coinne2015/16. I measc na seirbhísí atá ar fáil tá: frithghiniúint agus sláinte gnéis, vacsaíniú taistil, scagthástáil nuair is gá do chúrsaí áirithe, seirbhís cóireála do ghortú spóirt, meabhairshláinte (seirbhís síciatrachta chomhairleach san áireamh).

Bhí sé mar aidhm againn I mbliana ár dtacaíocht/cóir leighis do mhic léinn le fadhbanna meabhairshláinte a fheabhsú le tionscadail agus traenáil leanúnach, msh athbhreithniú ar fhéinmharú agus tionscadal bibliteiripe.

# Ag tacú leis an Athrú go Saol na hOibre agus Staidéar Breise

## Seirbhís na nGairmeacha Beatha

Cabhraíonn Seirbhís na nGairmeacha Beatha I gCOC le mic léinn chun a gcuspóirí a bhaint amach maidir lena ngairmeacha beatha trí chomhairle ghairme aonaracha agus cóitseáil, ceardlanna agus eachtraí, taithí oibre nó deiseanna socrúcháin agus deiseanna fostaíochta céime agus iarchéime a chur ar fáil.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |











## Torthaí Fostaíocht Céime COC – Rang 2015

In Earrach 2016, cuireadh suirbhé ar na 4,458 céimithe de 2015 trí cheistneoir, ríomphost agus fón. Bhí ráta freagracht de 80% bainte amach. Ar an iomlán, bhí 93% fostaithe nó i mbreisoideachais.

Seo iad na príomh phointí a leanas:

- Léirigh 62% de na céimithe a thug freagra go raibh siad fostaithe.
- Lean 31% dóibh ar aghaidh le breisoideachais, ar an iomlán b'iad seo céimithe leibhéil 8 a bhí ag bogadh ar aghaidh go dtí céim leibhéil 9.
- Bhí 6% ag lorg fostaíochta agus ní raibh an 1% le fáil don fhostaíocht.

## Buaicphointí Seirbhís Slí Beatha 2015/2016

- Comhpháirtíocht le Scoile na hEacnamaíochta chun modúil fostaíochta nuálach le 10 creidiúintí a sholáthar i ngach bliain de chúrsa céime nua. BA Eacnamíocht (trí Fhoghaim Bhunathraithe)
- Fuair StudentVolunteer.ie tús rathúil i gcomhpháirtocht le Campus Engage.
- Is tairseach sealadach neamhfhoirmeálta é Mystudentjob.ucc.ie,a láinseáladh i gcomhpháirtíocht le Aontas na mac léinn.
- Tacaíocht tugaithe do socrúcháin oibre creidiúnaithe a tugadh isteach sna cúrsaí nua. Seo iad na rudaí atá san áireamh:
  - BA Daonnachtaí dhigiteacha agus Eolas Teicneolaíochta
  - BSc sa bhithteicneolaíocht
  - MSc sa cheimic (tacaíócht neamhfhoirmeálta)
  - Ceimic (tacaíocht neamhfhoirmeálta)
  - MSc Bitheolaíocht Cealla Móilíneach
  - Tá líon na mac léinn dúbailte i mBainistíocht Msc agus Margaíocht.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41







# Idirnáisiúnú

I 2015/16, lean an idirnáisiúnú, faoi threoir Plean Straitéiseach COC 2013-2017. Mhéadaigh clárú ag COC go 16.8%, an-chóngarach don sprioc de 17% faoi dheireadh 2017. Fuair COC níos mó ná 3,000 iarratas (gach catagóir) ó níos mó na 90 tír.

Meascán clárú Idirnáisiúnta, sa chomthéacs:

| Líon iomlán Mac Léinn Idirnáisiúnta | 2011/12 | 2012/13 | 2013/14 | 2014/15 | 2015/16 |
|---|---|---|---|---|---|
| Mic Léinn Cuairte | 597 | 585 | 611 | 747 | 809 |
| Scoil Samhraidh | 47 | 40 | 46 | 40 | 34 |
| Mic léinn cuairte ag íoc táillí | 16 | 18 | 14 | 24 | 13 |
| Malartú mic léinn cuairte | 528 | 611 | 617 | 624 | 670 |
| Mic léinn Iarchéime (Acmhainní Amháin) | 4 | 7 | 3 | 6 | 3 |
| Táille Eacnamaíoch Bunchéime | 530 | 558 | 580 | 616 | 715 |
| Táille Eacnamaíoch Iarchéime | 340 | 361 | 335 | 436 | 497 |
| Domicile Idirnáisiúnta | 220 | 232 | 270 | 318 | 382 |
| **Iomlán** | **2,282** | **2,412** | **2,476** | **2,811** | **3,123** |
| | | | | | |
| Líon Iomlán na Mac Léinn | 17,908 | 17,918 | 17,928 | 18,367 | 19,188 |
| % Idirnáisiúnta | 12.74% | 13.46% | 13.81% | 15.30% | 16.28% |
| Idirnáisiúnta Eile | 969 | 1,027 | 1,108 | 1,161 | 1,208 |

Tacaíonn an Oifig Idirnáisiúnta le cuspóirí straitéiseacha COC trí iarracht a dhéanamh:

1. Caighdeán a fheabhsú agus a dhaingniú laistigh de mhairgí forbartha
2. An riosca iontógala a laghdú trí éagsúlú margaí agus cothromaíocht a chinntiú maidir le hiotógáil sna margaí ar fad
3. Réimse margaí nua a iniúchadh agus páirt a ghlacadh iontu
4. Foirmeacha éagsúla idirnáisiúnú a spreagadh, ar nós comhoibriú taighde, comhoibriú institiúideach, soghluaiseacht amach agus caidrimh alumni.
5. Constaicí maidir le clárú do mhic léinn idirnáisiúnta
6. Íomhá dhearfach de COC a fhorbairt go hidirnáisiúnta
7. Tacaíocht chuí a chur ar fáil fo mhic léinn, ó iontáil go dtí céimniú

Go stairiúil, bhí spleáchas go príomhúil ar Earcaíocht ó mhargaí ollmhóra: Meiriceá

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

FORBAIRTÍ ACADÚLA 5

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14

IDIRNÁISIÚNÚ 25

TAIGHDE 28

CORK UNIVERSITY PRESS 36

FORBAIRT CHAIPITIL 37

AIRGEADAS 40

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41









Thuaidh, an tSín, an Ind, an Bhrasaíl, agus an Mhalaeisia/Singeapór. Cé go bhfanann na margaí ollmhóra seo mar bhunú d'iontógáil COC, caithimid leanúint ar aghaidh ag fiosrú margaí nua.

De bharr gur stop Clár Eolaíochta an Bhrasaíl gan teorainn, laghdóidh iontógáil an Bhrasaíl go tobann agus beidh ar mhargaí taiscéala agus forbartha na bearnaí a líonadh (85 mac léinn in aghaidh na bliana). Go sainiúil, bhí béim COC le linn 2015/2016 ar:




Tá na figiúirí de mhic léinn ar chuairt fós ag méadú, le líon mór mic léinn ó lasmuigh de na Stáit Aontaithe san áireamh. Tá gníomhaíocht Erasmus ag méadú; mhéadaigh maoiniú tríd HEA i 2015/2016 32% go dtí €824,395 mar thoradh.

Is príomh páirt í an fhoireann iontrála IO i bhforbairt, tástáil, agus dearbhúcháin le haghaidh an t-inneall Iarratais fochéime (CRM) chomh maith le bogearraí saincheaptha chun uathoibriú a dheanamh ar chuairt iontrála na mac léinn. Réitíonn na córais seo constaic chun iontráil na mac léinn a phróiseáil go héifeachtach. I gcomhpháirtíocht le hOifig Staidéir Céimithe, cruthaíodh boird dearbhaithe aontaithe d'ollscoileanna iasachta agus bhí sé ceadaithe, agus curtha ar fáil ar an leathanach idirlíne don Oifig Idirnáisiúnta.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |









Cuireadh an chéad chéim den suíomh idirlíne IO i gcríoch faoi stiúir an Comhairleoir Margaíochta agus Cumarsáide agus chuir sé seo go mór le soiléireacht, feidhmiúcháin agus cruinneas ár láithreacht dhigiteacha. Tá an IO tar éis anuachan a dhéanamh ar an gcomhthaobhacht priontála agus digiteacha, agus tá sé ag forbairt sruth réidh d'ábhair ilmheánach le n-úsáid. Tá rath bainte amach ag an ngníomhaíocht meáin cumarsáide ar fud an domhain ach go háirithe.

Tá suíomh an suíomh Bainisteoir Gníomhaire líonta agus i mbun oibre. Rialóidh agus feabhsóidh an ról seo bainistíocht COC maidir le gníomhaireachtaí earcaíochta ar fud an domhain agus táthar ag súil go méadóidh sé seo iontógáil dírithe ar ghníomhairí agus ag an am chéanna laghdóidh sé líon na hiarratais atá faoi chaighdeáin inghlactha. Anuas ar seo, méadóidh an ról seo fás ár ngréasán gníomhaireachta agus cinntóidh sé Iondaíocht de cháilíocht árd ar COC ar fud an domhain.

Tá oifigí allamuigh i nDelhi, Nua Eabhrac agus Shanghai ag cur luach árd ar fáil tré fheasacht branda a fheabhsú ar bhonn leanúnach, agus comhpháirtíocht institiúide a chur chun tosaigh.

Tá Grúpaí Oibre Réigiúnach ag tabhairt tacaíochta d'fhorbairt margaí ollmhóra ar bhonn leanúnach. Faoi cheannaireacht ceithre Oifigí Stráitéiseacha Idirnáisiúnta, agus nuair is féidir i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann, glac COC páirt in aonachaí earcaíochta san Ind, sa tSín, Hong Cong, na Stáit Aontaithe, An Araib Shádach, Óman, an Nigéir, an Téalainn, an Indinéis, Vítneam, Filipíneach, an Cholóim, Meicsiceo, Peiriú agus an Bhrasaíl.

Tá margadh tithíocht na mac léinn mar cheann des na bagairtí is mó in aghaidh iontógáil idirnáisiúnta. Cé go bhfuil údarás os cionn an réimse seo lasmuigh den Oifig Idirnáisiúnta, is bacainn féideartha é an stoc tithíochta agus an bealach isteach in aghaidh seachadadh cuspóirí iontógála. Leanfaidh an Oifig Idirnáisiúta ar aghaidh leis an ngníomhaíocht san acmhainn chomhairleach.

Rinne an IO idirdhealú air féin tré rannpháirtíocht thapaidh, phroifisiúnta agus thuisceanach le mic léinn COC thar lear i leith tragóidí ar nós an timpiste bus sa Spáinn, ionsaí sceimhlitheoireachta, nó timpistí pearsanta. Ní bhfuair aon mhic léinn bás; i ngach cás cuireadh dualgaisí cúraim i gcríoch go héifeachtach.

D'óstaigh an IO breis is 45 toscaireachtaí rialtais agus ollscoile i gCOC; rinne siad ceannaireacht nó cómhordú breis is 20 misean amach, rinne siad comhordú ar 24 MoUs nó conarthaí eile agus chuir siad i gcríoch é, chuir siad ceardlann idirnáisiúnú uile-ollscoile ar fáil, chuaigh siad ag obair le hinstitiúidí Éireannacha eile chun clár treodóireachta ar líne a fhorbairt le haghaidh mic léinn idirnáisiúnta.

Ar an iomlán, chruthaigh 2015/2016 go n-íocann infheistíocht san idirnáisiúnú díbhinní, agus chruthaigh sé go méadaíonn cur chuige aontaithe i leith tógáil branda suim na mac léinn, mar atá feicithe i gcomhordú iarrachtaí an IO le gníomhaíochtaí George Boole. Léirigh comhoibriú cóngarach idir an IO agus acadóirí (agus a n-aonaid) gur féidir le idirnáisiúnú cuimsitheach domhanda tarlú ag COC nuair atá fís soiléir ag gach páirtí.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41

SIAR AR AGHAIDH








# Taighde

## Léargas Ginearálta

Ollscoil iomaíoch agus lárnach ar bhonn idirnáisiúnta agus dírithe ar thaighde í gColáiste na hOllscoile (COC) atá rangaithe sa chéad 2% d'ollscoileanna timpeall an domhain, agus bronnadh an teideal 'Sunday Times University of the Year 2016' ar an ollscoil.

Tá COC ar cheann de na hollscoileanna taighde leis an maoiniú is fearr in Éirinn le hinfhesitíocht de €96.4 milliún i dtaighde ags forbairt I 2015/16. Sin ardú de 21% (€16.6 milliún) le cúig bliain anuas d'ainneoin timpeallacht eacnamaíoch dhúshlánach. Seo ardú stairiúil don institiúid.




**Figiúr a 1:** Ioncam Taighde Iomlán I bhfoirm chaiteachais (€/milliún) – Próifíl Cúig Bliana

Mar thoradh ar an mbrú ar mhaoiniú rialtais, ginneadh €30.1 milliún (31%) d'ioncam taighde 2015/16 ó fhoinsí eile seachas foinsí státchiste. Seo an ráta is airde a bhí ag an ollscoil go dtí seo (Figiúr a 1). Seo méadú de 52% le cúig bliain anuas, agus is a bhuí le méadú de 40% sa mhaoiniú ó chláracha AE (go €14.8 milliún) agus méadú de 129% sa mhaoiniú ó fhoinsí tionsclaíochta a tharla an t-athrú seo. (go €10.3 milliún) (Figiúr 2A/B).

Tá méadú súntasach taghta ar luach ioncaim gradaim ó fhoinsí tionsclaíochta le cúig bliain anuas (Figiúr 2A/B) – sin méadú de 229% ó 2011/12, in anneoin laghdú bliantúil de €4.7 milliún I 2015/16 mar thoradh ar chláracha maoinithe níos lú a bheith ar fáil sa réimse seo le linn na bliana.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

FORBAIRTÍ ACADÚLA 5

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14

IDIRNÁISIÚNÚ 25

TAIGHDE 28

CORK UNIVERSITY PRESS 36

FORBAIRT CHAIPITIL 37


AIRGEADAS 40

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41






In ainneoin conair níos dearfaí ar an iomlán don fadtéarma, ta luach gradaim nua ó fhoinsí tar éis laghdú go €11.4 milliún) I 2015/16, figiúr atá ag réiteach le laghdú de 28% I líon na ngradam aimsithe I gcomparáid leis an mbliain roimis (51 go 37). Le linn na tréimhse sin, sa dara leath den bhliain acadúil ach go háirithe, thit an ghníomhaíocht I dtaobh iarratais COC sna cláracha AE ar fad chomh maith céanna, sa tslí is go raibh na rátaí rathúlachta a bhain an pobal taighde amach I COC I bhfad chun tosaigh ar an iomlán ar na rátaí ón mbliain roimis sin (16% in aghaidh 11%) agus tá COC chun tosaigh ar bhonn leanúnach ar mheán an AE.




**Figiúr a 2:** Ioncaim Gradaim Nua agus Caiteachais (€/milliún)

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |






Ag féachaint I dtreo na todhchaí, tá taighdeoirí COC ag comhoibriú le breis agus 750 de na hollscoileanna is fearr I 130 tír agus tá na buanna acu chun an tairbhe is mó a bhaint as an gcomhoibriú seo le haghaidh gcláracha maoiniúcháin státchiste agus maoiniú ráthúla eile a chinntiú sa todhchaí.

## Rannpháirtíocht Eorpach agus Horizon 2020

Is é Horizon 2020 creat an AE le haghaidh taighde agus nuálaíocht. Seoladh an clár €80 billiún seo I Nollaig 2013 agus is buntáiste suntasach é do COC I ngach disciplín taighde. Ar bhonn náisiúnta, tá an rialtas tar éis íostarraingt airgidis uaillmhianach de €1.25 billiún a leagan amach don chlár.

D'fhonn na dúshláin seo a shárú agus chun a chinntiú gur féidir le COC a bheith chomh rathúil agus is féidir, d'fhorbair Seirbhísí Tacaíochta Taighde COC an *Plean Gnímh Horizon 2020* a leagann amach stráitéis chun na tacaíochtaí atá ann le haghaidh taighde cheana féin a fheabhsú agus chun tacaíochaí nua a chur I bhfeidhm, a bhfuil mar aidhm acu buntáiste iomaíoch súntasach a sholáthair dár dtaighdeoirí I Horizon 2020. Ceann de phríomh-chuspóirí Plean Gnímh Horizon 2020 ná bunú *Prime UCC*, a sholáithríonn seirbhísí bainistíocht tionscadail le béim ar thionscadail AE agus cláracha an Chomhairle Eorpach um Thaighde, agus is é an chéad acmhainn dá léitheid atá ar fáil in Éirinn.

Faoi mhí na Nollag, bhí taighdeoirí COC tar éis 72 gradam Horizon a bhaint amach (22 mar chomhordaitheoir agus 50 mar pháirtí) as móriomlán de 495 iarratais seolta chuig an gCoimisiún. Seo ráta rathúlachta de 15% (níos airde ná meán an AE – 12%), le híostarraingt airgidis de €39.3 milliún. Is é móriomlán maoiniú taighde aimsithe ag taighdeoirí COC ó na cláracha AE ar fad (ó thús Horizon 2020 I 2014) ná €40.8 milliún. Is ionann líon na ngradam a aimsíodh go dtí seo agus 36% de chuspóir institiúideach COC don chlár Horizon 2020 – €110.3 milliún thar seacht mbliana an chláir (go dtí 2020).

## Foilsiúcháin/Luanna

Léiríonn anailís ar cheann de phríomh-aschur taighde ginte ag gníomhaíocht thaighde COC – foilsiúcháin thaighde phiarmheasúnaithe, fás súntasach, leanúnach le 10 mbliain anuas. Léiríonn líon na bhfoilseachán, líon na luanna dos

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

FORBAIRTÍ ACADÚLA 5

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14

IDIRNÁISIÚNÚ 25

TAIGHDE 28

CORK UNIVERSITY PRESS 36

FORBAIRT CHAIPITIL 37

AIRGEADAS 40


BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41


SIAR AR AGHAIDH





na foilsiúcháin seo, agus meánuimhir na luanna do gach foilseachán aonarach (tomhas caighdeánach de réir thionchar bithmheádrach) fás dearfach sna blianta deireanacha (Figiúr 3A–C). Tá an fás dearfach seo ag réiteach go maith le hinfheistíocht shuntasach COC I gcúrsaí taighde le linn na tréimhse seo.




**Figiúr a 3:** Anailís ar Fhoilsiúchán Taighde (Tréimhsí cúig bliana carnacha):

**A. Líon na bPáipéar**

**B. Líon na Luanna**

**C. Meán Luanna do gach Páipéar**

*Foinse*: Thomson Reuters Essential Science Indicators (ESI): Tréimhsí cúig bliana carnacha (Ó Nollaig 2016)

Léiríonn breis anáilíse ar an tionchar atá ag aschur foilseacháin thaighde, a scrúdaítear I leith mhódhannna éagsúla de rangú ollscoileanna an nós céanna. Mar shampla, san U-Multirank Exercise urraithe ag an AE (2016), bhain COC torthaí láidre amach I measc an 1,300 institiúid ardoideachais a ghlac páirt sa suirbhé as níos mó ná 90 tír. Ghnóthaigh COC 14 grád A agus 9 Grád B sna 28 catagóirí. D'éirigh go sár-mhaith leis an institiúid sna catagóirí taighde, le grádanna A don Ráta Luanna, Ioncam Taighde Seachtrach, Na luanna is coitianta le haghaidh phoist iardhoctúireachta.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

FORBAIRTÍ ACADÚLA 5

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14

IDIRNÁISIÚNÚ 25

TAIGHDE 28

CORK UNIVERSITY PRESS 36

FORBAIRT CHAIPITIL 37

AIRGEADAS 40

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41








Tá éachtaí na n-ollscoileanna sa U-Multirank mar chomhartha eile ar rathiúlacht na hollscoile le déanaí. I measc na n-éachtaí sin, bronnadh an teideal 'Sunday Times University of the Year 2016' ar an ollscoil, agus bhí COC sa chéad sraith go hidirnáisiunta le haghaidh 14 ábhar ins an QS World University Rankings (2016), agus bhí sé ar an liosta don chéad ollscoil is fearr ar domhan le haghaidh Altranais agus Cnáimhseachas.

Agus sa Clár Rangú CWTS Leiden (2016) a foilsíodh le déanaí, bhí COC ar an rangú don ollscoil is fearr in Éirinn le haghaidh Eolaíochtaí Fisiceacha agus Innealtóireacht. Bhí an taighde bunaithe ar líon na bpáipéar sa chéad 1% d'irisí.

## Measúnú ar Thaighde – Athbhreithniú Cáilíochta Institiúideach

I 2009, bhí COC ar an gcéad olscoil in Éirinn chun tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar ghníomhaíocht thaighde don institiúid ar fad. Déanadh measúnú ar an bhfoireann ar fad I leith chaighdeáin agus critéir idináisiúnta. Próiséas neamhspleách a bhí anseo le 115 saineolaí idirnáisiúnta ar 15 painéal. Thug an t-athbhreithniú fianaise chruinn ar an éacht atá bainte amach ag an ollscoil maidir le haschur taighde chomh maith lena rath suntasach maidir le haistriú taighde go dtí an áit mhargaidh. Tá a lán disciplín páirteach ann ar an léibhéal is airde go hidirnáisiúnta.

Tharla an dara chuid den Research Quality Review (RQR) I 2015/16. Ba é an cuspóir ná measúnú neamhspeách a sholáthair ar chaighdeán agus leibhéal gníomhaíocht ag leibhéal an Aonaid, do gach disciplín don tréimhse 2008 go 2014 agus foilsíodh an Tuairisc Dheireanach I mí Eanáir 2017. (**www.ucc.ie/en/qpu/rqr-1415/**).

Ar an iomlán léirigh an tAonad feabhsúcháin shúntasacha sa caighdeán taighde a tuairiscíodh, le scóranna níos fearr (Scór de 4 nó níos mó 57% de na hAonaid a scrudaíodh) rud a léiríonn leibhéil níos airde taighde ó 2009 ó chómthéacs fíor-iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta, ar thaobh amháin, agus srianta diana ar acmhainní ar an dtaobh eile. Tugadh le fios I dTuairiscí an Phainéil chomh maith go raibh feabhas mór taghta ar cheannaireacht, tacaíocht agus bainistíocht I réimse an taighde a bhí I bhfad chun tosaigh ar na scóranna I dtaobh fheabhsúcháin.

# Buaicphointí Taighde

Ceann de príomh-bhuaicphointí 2015/16 ná oscailt oifigiúil, Áras an Gheata Thiar, foirgneamh taighde agus nuálaíocht COC. Ba é an Coimisinéir Eorpach um Thaighde, Eolaíocht agus Nuálaíocht, Carlos Moedas a rinne an oscailt. Le linn a chuairte, ghlac Moedas páirt I bpé comhcéime stráitéiseach ar thodhchaí Maoiniú ón Eoraip don Taighde agus Nuálaíocht (T & N), agus bhronn an ollscoil Dochtúireacht Oinigh air mar aitheantas ar a chuid oibre ar son nuálaíocht san Eoraip.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41








Le linn na bliana, bronnadh an teideal Taighdeoir na Bliana ó Fondúireacht Eolaíochta Éireann le haghaidh 2016 ar an Ollamh Barry O'Sullivan (Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Stiúrthóir an Insight Centre for Data Analytics ag COC) Óna mbunú I 2009, is é Barry an ceathrú duine I COC ar a bronnadh an gradam clúiteach bliaintiúil SFR. I measc na mbuaiteoirí a tháinig roimis tá an tOllamh Louise Kenny agus an tOllamh Geraldine Boylan I 2015, an tOllamh Fergus Shanahan I 2013 agus an tOllamh Jean-Pierre Colinge I 2010.

I Feabhra, tar éis phróiséas dian roghnúcháin, bronnadh an ónóir ar Coláiste na hOllscoile, Corcaigh chun an Mol Nuálaíochta na hÉireann a chur I láthair. Tugann an togra seo tacaíocht don bhforbhairt cheannródaíoch sa taighde agus tionscnaimh cúram sláinte nuálacha trí shár-thaighde a chur ar fáil do Sheirbhís Sláinte na hÉireann ar féidir leis torthaí sláinte suntasacha a chur ar fáil d'othair trú réitigh cheannródaíoacha a aimsiú d'fhadhbanna sláinte. Tá ceanncheathrú an Mol I COC agus tá sé I gcomhpháirt le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá baint ag an togra le 23 ospidéal ar bhonn náisiúnta.

## Gradaim Thaighde COC 2016

Ag searmanas san Aula Maxima I nDeireadh Fómhair, bhronn COC ónóir ar fhoireann COC mar aitheantas ar an sár-obair a dhéanann siad ar son saol na hollscoile agus spriocanna taighde na hinstitiúide a chur chun cinn. D'aithin na Gradaim Thaighde barr feabhais I ngníomhaíocht thaighde I sé chatagóir agus fuair siad urraíocht ó Eolaíocht Éireann Gilead. Bhí David Cadogan, an tlar-Uachtarán I láthair ag an ocáid mar ionadaí don eagraíocht sin. Seo a leanas buaiteoirí na nGradam Taighde 2016:

1. **Taighdeoir Luathchéime na Bliana**
   Dr Tom Reed (Bitheolaíocht, Domhaneolaíocht ag Eolaíocht an chomhshaoil)
2. **Tacaí Taighde na Bliana**
   Dr Allen White (Ealaíona, Léann Ceilteach agus Eolaíochtaí Sósialta)
3. **Féitheoir Taighde na Bliana**
   Dr Yvonne Nolan (Anatamaíocht agus Néareolaíocht)
4. **Foireann Thaighde na Bliana**
   Dr Kenneth Burns, ionadaí do na himeachtaí Cúram Leanaí I bhfoireann Taighde sa Chúirt Dúiche (Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, Dlí & ISS21)

   Dr Peter O'Brien, ionadaí don Ghrúpa Phacáistiú Foghraíochta Tyndall)
5. **Éacht Gairme**
   An tOllamh Eoin O'Reilly (Institiúid Náisiúnta Tyndall agus Roinn na Fisice)

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41




# Aistriú Teicneolaíochta agus Méadrach Nuálaíochta

Tá COC dírithe ar obair le réimse na tionsclaíochta mar chomhpháirtí tábhachtach mar chuid dár misean taighde ar an iomlán. I 2016, bhunaigh COC níos mó ná 120 togra nua atá maoinithe go hiomlán nó go leath-iomlán ag an tionslaíocht. Tá scálaí éagsúla I gceist leis an maoiniú seo le dearbháin nuálaíochta de €5,000 I gcomhpháirt le fiontair áitiúla agus cláracha comhoibríocha le comhlachtaí dúchasacha agus ilnáisiunta. Is fiú níos má na €20milliún luach iomlán inchur ón tionsclaíocht amháin ó na tograí seo.

Tá an-rath ar COC maidir le comhlachtaí mac-chuideachta a bhunú chun an tairbhe is mó a bhaint as an luach eacnamaíochta a bhaineann le hairnéis intleachtúil agus saineolas na hollscoile. Le linn tréimhse an *Plean Stáitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht* (2013-17), bunaíodh 11 comhlacht. Seo portfóilió de 20 comhlacht don ollscoil. Tá siad ar fad I mbun trádála agus agus tá breis agus leath dóibh níos mó








**Figiúr a 4:** Gníomhaíocht Aistriú Teicneolaíochta (2007-16)

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |







ná trí bliana d'aois. Tá achoimre ar athbhreithniú aistriú teichneolaíochta le deich mbliain anuas I Figiúr a 4.

Is é 2016 an cúigiú cuimhneachán den Clár Céime Nuálaíochta Gnó Ignite. Clár naoi mí isea IGNITE a thugann tacaíocht do chéimithe ó aon institiúid ardoideachais in Éirinn gnó inbhuanaithe, inscálaithe a dhéanamh as tairge nuálach nó seirbhís nua. Nascann an clár ceardlanna, seimineáir agus aoichainteoirí, tacaíocht ó chomhairleoirí agus teagmhálacha tionclaíochta le spás oifige, maoiniú tosaigh, de réir riachtanais speiceasacha gach comhlacht nua. Go dtí seo tá an clár tar éis tacaíocht a thabhairt do 50 comhlacht nua le beagnach 70 bunaitheoirí. Tá a lán dul chun cinn déanta ag 11 comhlacht nua agus is custaiméirí iad le Fiontraíocht Éireann agus bhí rath ar chuid mhaith acu acu maidir le hinfheistíocht phríobháideach a ghnóthú, ina measc Teicneolaíochtaí Anabio Teo, Vconnecta Teo agus Pundit Arena. Tá fostaíocht iomlán sna comhlachtaí ar fád níos mó ná 100 agus tá an uimhir sin fós ag fás. Tá an clár maoinithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, agus Fiontair Áitiúla I gcathair Chorcaí agus sa Chontae, Banc na hÉireann agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Goradán ceannródaíoch gnó le 21 aonad isea GATEWAY UCC agus is gné lárnach é don tacaíocht d'fhiontraíocht infreastruchúir sa réigiún. Cuireann an acmhainn clár tacaíochta gnó cuimsitheach agus rochtain do shaineolas taighde COC d'fhiontraithe agus comhlachtaí nua. Thug Gorlann Ghnó COC tacaíocht do 30 comhlacht nua, comhlachtaí mac-chuideachta san áireamh ag baint usáide as IP ginte in Ionaid Thaighde le haitheantas idirnáisiúnta ar nós INFANT, Institiúid APC agus Institiúid Náisiunta Tyndall, msh Atlantia Food Clinical Trials, Luxcel Biosciences agus Alimentary Health. Tá 180 post cruthaithe ag na comhlachtaí seo. Tuairmítear gur fiú €13 milliún tionchar na bpostanna seo ar an réigiún maidir le cúrsaí pá agus €4 milliún in ioncam cánach in aghaidh na bliana don eacnamaíocht. Anuas ar sin, soláithríonn Gorlann Ghnó COC spásanna deaisc d'fhiontraithe agus comhlachtaí nua trí thimpeallacht spreagúil a chruthú dóibh chun machnamh a dhéanamh ar a bplean gnó. Tá sé ag éirí an-choitianta mar mhol eolais ar ghníomhaíochtaí traschuir I réimse an ICT, Medtech, Bia, Cógasíochta, Bitheolaíocht, Teicneolaíochtaí Inchaite agus Fuinneamh In-athnuaite.


CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41

# Cork University Press

Seo a leanas na chéad trí fhoilsiúchán is fearr ag Cork University Press le haghaidh 2015–16:










## Georgian Dublin: The Forces that Shaped the City le Diarmuid Ó Gráda

Tá an oidhreacht Sheoirseach ar cheann de na tréithe is láidre agus sainiúla de phríomhchathair na hÉireann. Cuireann Diarmuid Ó Gráda radharc ós ár gcomhair anois áfach atá an éagsúl ón radharc a léirítear sna tuairiscí coinbhinsiúnacha de bhricí dearga móra agus parlúis ghallánta.

## The 1916 Irish Rebellion le Bríona Nic Dhiarmada

Sa leabhar seo a ghabhann le sraith faisnéise trí chuid a craoladh mórthimpeall an domhain I 2016, *The 1916 Irish Rebellion*, tá insint na staire; éagsúlacht ghallánta d'íomhánna comhaimseartha agus grianghraif; agus bailiúchán saibhir de thagairtí taobh-alt ó dhociméidí comhaimseartha, ráitis ó phríosúnaithe, agus cuntais finné súl eile chun peirspictíocht ill-ghnéitheach a thabhairt ar na náisiúnaithe agus aontachtóirí, saighdiúirí Breatanacha, and Gael-Mheiriceánacha le linn eachtraí corracha Seachtain na Cásca, 1916.

## John McGahern and the Imagination of Tradition le Stanley van der Ziel

Ag baint usáide as ábhar cartlainne maraon le mion-léitheoireacht bhunúil dá chuid ficseain, déanan Stanley van der Ziel scrúdú ar an slí ar chuaigh leabhair chlasaiceacha agus údair I bhfeidhm ar ábhair McGahern ina scéalta agus úrscéalta, trú ghnéithe lárnacha áirithe de aeistéitic McGahern a chur ina gcómhthéacsanna liteartha oiriúnacha.


CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41







# Forbairt Chaipitil

D'fhás clár caipitil na hollscoile le linn 2015/16 le dul chun cinn súntasach I réimse tograí gníomhacha. Chuir COC iarratas isteach sa Banc Eorpach Infheistíochta agus glacadh leis an iarratas ar an 25ú Samhain 2016 le haghaidh saoráid iasachta chun tacú le clár forbartha caipitil ollmhór ar fiú €240 milliún é.

## Áras an Gheata Thiar

Bhí an chéim agus feistiú dheirenach de na hurláir uachtaracha de Áras an Gheata Thiar ar fiú €110 milliún é I mbun tógála le linn 2015/2016. Cuireadh tús le seo ar an láthair I ndeireadh 2014 agus críochnaíodh é I Meán Fómhair 2016. D'oscail an Coimisinéir Eorpach Carlos Moedas an foirgneamh I nDeireadh Fómhair 2016. Tógadh saotharlanna taighde Eolaíochtaí Bitheacha agus áiseanna comhlachaithe maoinithe tríd an PRTLI5. Cuireadh isteach breis spás oifige agus caife nua ar an gceathrú urlár mar chuid den togra chomh maith. Is é Áras an Gheata Thiar an foirgneamh acadúil is mó I COC le héagsúlacht mhór d'áiseanna teagaisc agus taighde.

## Áras Watson

Rinneadh dul chun cinn I mbliana I dtaobh an Togra Assert in Ionad Eolaíochtaí Sláinte Ghort an tSrutháin. Soláthríonn an togra €6 milliún réimse saotharlanna leighis ionsamhlúchán le haghaidh bunchéimithe, iarchéimithe, agus traenáil CPD. Críochnaíodh an togra I Meán Fómhair 2015 agus rinne an Dr James Watson an oscailt oifigiúil I Meitheamh 2016.

## Mol na Mac Léinn

Tá pleananna uaillmhianacha ag COC maidir le forbairt agus méadú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh folamh Áras Windle le haghaidh togra nua Mol na Mac léinn. Tabharfaidh an togra seo seirbhísí scaipthe do mhac léinn le chéile agus tabharfaidh sé áis chomhtháite dóibh chun tacú le saol na mac léinn san ollscoil agus tar éis na hollcoile. Beidh spásanna foghlama inniúlacha, cumainn mac léinn, agus zón fáilte do mhic léinn 7rl san áireamh sa togra seo. Chuir foireann deartha faoi stiúir na n-ailtirí O'Donnell + Tuomey tús leis na hoibreacha deartha I dtús 2015 agus cuireadh isteach an t-iarratas pleanála ar an 21ú Nollaig 2015. Glacadh leis an iarratas pleanála ar an 25ú Meitheamh 2016. Tugadh faoin gconradh le linn samhradh 2016 agus táthar ag súil go dtosóidh an togáil I dtús 2017.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
FORBAIRTÍ ACADÚLA 5
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14
IDIRNÁISIÚNÚ 25
TAIGHDE 28
CORK UNIVERSITY PRESS 36
FORBAIRT CHAIPITIL 37
AIRGEADAS 40
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41









## Páirc Eolaíochta agus Teicneolaíochta Chorcaí

Tá ról lárnach ag COC maidir leis an bhforbairt beartaithe don Páirc Eolaíochta agus Teicneolaíochta Chorcaí I gCurraichín. Soláithríonn an Páirc Eolaíochta agus Teicneolaíochta Chorcaí an deis don réigiún chun fostaíocht a fhás trí chumarsáid thaighde, comhlachtaí nua féideartha, áiseanna le forbairt agus déantúsaíocht iomlán den scoth. D'ullmhaigh Comhairle Contae Chorcaí Máistirphlean don Pháirc iomlán agus ghlac bord comhairleach déanta suas de na príomh-ionadaithe institiúideacha leis an bplean seo. Tá Máistirphlean Fearann Baile ullmhaithe ag COC, agus foireann deartha agus roghnaíodh gorlann nuálaíochta tosaigh. Tá dearadh an chéid fhoirgnimh beagnach críochnaithe. Cuireadh an plean isteach ar an 27ú Samhain 2015 agus glacadh leis ar an 4ú Márta 2016. Cruthaíonn an togra deiseanna poist suntasacha agus forbairt eacnamaíoch don réigiún. Táthar ag súil go leanfar le dearadh mionsonraithe den chéad fhoirgneamh I 2017.

## Spóirt COC

Tá sé mar phlean ag COC chomh maith chun Centre of Excellence for Sport a fhorbairt ar an talún a aimsíodh le déanaí I gCurraichín. Beidh páirceanna uile-aimsire, pailliún nua-aimseartha, seomraí feistis, seomraí foirne agus lónadóireacht 7rl san áireamh sa togra seo. Tá staidéar féidearthachta ar bun agus tá an tuairisc deiridh geall leis críochnaithe. Tabharfaidh an togra seo an deis do COC na háiseanna spóirt atá ann faoi láthair a fhágaint agus cabhróidh sé le forbairt chéimnithe an Páirc Eolaíochta agus Teicneolaíochta Chorcaí.

## Lóistín Mac Léinn

Tá forbairt lóistín do mhic léinn cóngarach don champas mar chuspóir don ollscoil. Tá sé lán-riachtanach go bhfuil fáil ar loistín chun tacú le riachtanais na mbunchéimithe agus líon na mac léinn idirnáisiúnta atá ag fás de shíor. Bímid de shíor ag lorg deiseanna forbartha/sealbhú oiriúnacha. Tháinig UCC ar chomhaontú maidir le sealbhú 418 leaba ag Victoria Mills I mbliana agus tá an ollscoil ag fiosrú deiseanna eile faoi láthair. Fuarthas seilbh ar láthair an Crow's Nest I mbliana agus tá foireann deartha ceaptha againn chun dearadh an tionscnaimh a chur chun cinn. Cuireann COC fáilte roimh soláthroirí lóistín mac léinn idirnáisiúnta atá mar phlean acu lóistín a fhorbairt I gcóngaracht na hollscoile.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |








# Tograí Eile

Tá pleananna ag stáitse réamhchéime le haghaidh scoil fhiaclóireachta I gCurraichín agus áis le haghaidh scoil leighis chliniciúil ar champas Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh. Tá seilbh faighte againn ar Uimhir 1. Lapps Quay/15 Plás Parnell agus tá sé mar phlean againn ionad nua a chruthú le haghaidh staidéar gnó feidhmiúcháin sa bhfoirgneamh ársa seo I lár na cathrach. Tá pleananna uaillmhianacha ag COC le haghaidh Scoil Ghnó a fhorbairt agus togra chun tacu le Coláiste na n-Ealaíon, an Léinn Cheiltigh agus Eolaíochtaí Sósialta.

Tá COC ag obair I gcomhpháirt leis an FSS ar thograí sláinte éagsúla, msh Péidiatric ag Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, agus ar láthair thraenála chliniciúla eile chun áiseanna le haghaidh mhic léinn a fheabhsú.

Tá socrú déanta maidir le cead pleanála le haghaidh droichead coisithe ag Inse Perrot mar chuid de phlean timpeallachta na hollscoile atá urraithe go príobháideach. Táthar ag súil gcuirfear tús leis an dtógáil I 2017. Tá COC ag obair le Comhairle Cathrach Chorcaí ar athchóiriú áit chónaithe George Boole nuair a bhí sé ina Ollamh Matamaitice ag Coláiste na Banríona, Corcaigh.

Tá clár bliaintiúil fadtéarmach chun deighleáil leis an moill atá ann maidir le caomhnú na sean-fhoirgintí in eastáit na hollscoile san áireamh leis an gclár EIB. Bhí rath orainn chomh maith maidir le tacaíocht a fháil le haghaidh tograí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú tríd an Better Energy Workplaces scheme de chuid an SEAI. Tá COC fós ar a bealach maidir lena Lagdú fuinnimh san Earnáil Phoiblí de 33% a bhaint amach. Tá plean I mbun ag an ollscoil chun an córas téite dúiche a athrú faoin Energy Performance Contract (EPC) agus tá an próiséas tairisceana tar tosaithe.

Tá na tograí maidir le maolú tuillte mar thoradh ar an bpróiséas Lee Catchment Flood Risk Assessment and Management I mbun chomh maith I suíomhanna leochaileacha den champas I gcomhpháirt lenár n-árachóirí.

Tá tacaíocht Foras Ollscoil Chorcaí Cork do phlean na hollscoile maidir le forbairt fhisiciúil lán-riachtanach dár gclár caipitil. Tá banc talún cuíosach beag ag COC I gcomparáid le hOllscoileanna Éireannacha eile. Cruthaíonn sé seo brú súntasach I dtaobh freastal ar riachtanais fhorbartha na hollscoile sa todhchaí. Bíonn COC ag obair ar bhonn leanúnach leis an FSS agus na húdaráis áitiúla chun a chinntiú go mbeidh an ollscoil in ann freastal ar a riachtanais forbartha amach anseo ar bhealach inbhuanaithe.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 5 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 8 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 14 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 25 |
| TAIGHDE | 28 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 36 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 37 |
| AIRGEADAS | 40 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 41 |


# Airgeadas

## Forbhreathnú

Stop an meathlú sa tacaíocht ó mhaoiniú státchiste don earnáil go pointe áirithe I 2015/16. D'fhan an príomh-mhaoiniú ar an leibhéal céanna nach mór leis an mbliain roimis, le meádú de €20 an mac léinn don acmhainn chaighdeánach. Ó 2008, tá an príomh-dheontas tar éis titim de €46 milliún/55%.

Cuireadh béim níos mó ar fhoinsí ioncaim eile seachas maoiniú státchiste arís chun an t-easnamh seo a shásamh, earcú mic léinn agus mic léinn iarchéimithe ach go háirthe. Cúitíonn na gníomhaíochtaí seo le heaspa infheistíochta leanúnach ón státchiste sna mic léin atá ag freastal ar an ollscoil, agus táimid ag díriú ar bhonn leanúnach ar na foinsí ioncaim seo a fhás.

Cé go bhfuil rath orainn sna gníomhaíochta seo agus sa ghníomhaíocht thráchtála leanúnach, tá scála an laghdú sa mhaoiniú státchiste fós ag cur isteach go mórmhór ar mheasúnú rangúcháin idirnáisiúnta.

## Forbairt Chaipitil

Cé go raibh laghdú sa bhforbairt teagaisc bainteach le maoiniú státchiste le blianta beaga anuas de bharr an laghdú san airgeadas poiblí iomlán, níor rinneadh forbairt ach ar thograí a fuair tacaíocht ó mhaoiniú taighde PRTLI5 a glacadh roimis sin, agus acmhainní na hollscoile féin I rith 2016. I measc na dtograí seo tá forbairtí I lóistín mac léinn maraon le sealbhú Foras Bainistíochta na hÉireann chun tacú le Feidhmiúchán Oideachais I COC.

I rith na bliana, tá saoráid iasachta aimsithe ag an ollscoil eis an BEI chun tacú le riachtanais na hollscoile atá ag méadú de shíor sna cúig bliana atá amach romhainn.

## Taighde

Ag leanúint leis an nós le blianta beaga anuas, tháinig ardú de bheaganín níos mó ná €6 milliún ar ioncam taighde chun €96 milliún a ghnóthú I 2016.

Tá an fás suntasach I maoiniú taighde ag tarlún I dtimpeallacht atá fíor-iomaíoch agus ina bhfuil laghdú ar mhaoiniú náisiúnta le blianta beaga anuas. Tá an-rath ar COC go dtí seo maidir lena bhfoinsí maoiniú taighde a athrú ó mhaoinitheoirí náisiúnta go dtí an AE agus tionsclaíocht.

Táimid fíor-bhuíoch don tacaíocht a fhaighimid ó chláracha urraithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas lena Chlár Um Thaighde in Institiúidí Triú Leibhéal (PRTLI), an Chomhairle um Thaighde sna hEolaíochtaí, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht, an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta agus gníomhaireachtaí stáit agus idirnáisiúnta eile.

## An Todhchaí

Mar gheall ar na laghdúcháin san infheistíocht stáitchiste san ardoideachas le hocht mbliain anuas, bliain dhúshlanach a bheidh I gceist le 2017 chomh maith. Tá fíorbheagán infheistíochta curtha I leataobh ar mhaithe le hinfrastructúr agus riachtanais ICT an champais, rud a chuireann níos mó brú ar infheistíocht oibríochtúil.

Níltear ag súil le haon fheabhas mór san airgeadas náisiúnta I dtaobh infheistíocht ardoideachais de ar aon nós faid is atáimid ag fanacht le torthaí choiste an Oireachtais atá ag plé leis an tuairisc ó ghrúpa saineolaí ar infheistíocht ardoideachais. Beifear ag súil leis an tuairisc sin I lár 2017.

In ainneoin an bhrú atá ann maidir le hinfheistíocht náisiúnta, tá sé lán-riachtanach, má tá an ollscoil chun leanúint lena hiomaíocht go hidirnáisiúnta agus lena staid fíor-thábhachtach maidir le forbairt réigiúnach agus náisiúnta, go nglacfar le córas don earnáil chun aon laghdú eile sa chaighdeán seirbhísí do mhic léinn a sheachaint.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

FORBAIRTÍ ACADÚLA 5

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 8

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 14

IDIRNÁISIÚNÚ 25

TAIGHDE 28

CORK UNIVERSITY PRESS 36


FORBAIRT CHAIPITIL 37

AIRGEADAS 40

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 41







# Baill Údarás na hOllscoile, 2015-19

**Príomhoifigeach**
Dr Michael Murphy, President

**Cathaoirleach**
Dr Catherine Day

**Oifigigh Shinsearacha**
Professor Caroline Fennell,
Senior Vice President
Academic & Registrar

**Ollaimh/Ollaimh Chomhlacha**
Professor Frédéric Adam
Professor John Cryan
Professor Mary Horgan
Professor Paul McSweeney
Professor Nora O'Brien

**Foireann Acadúil**
Dr Louise Crowley
Michael Delargey
Dr Angela Flynn
Dr Piaras MacÉinrí
Dr Marian McCarthy

**Foireann Phroifisiúnta**
Sinead Hackett
Gary Hurley
JP Quinn

**Mic Léinn**
Aidan Coffey, President,
Students' Union
Joe Kennedy, Education Officer,
Students' Union

**Mac Léinn Iarchéime**
Eileen O'Donovan, Postgraduate Officer,
Students' Union

**Gearrliosta Ainmní na n-Eagraíochtaí Seachtracha**
Dermot Breen (IBEC)
Gillian Keating (Cork Chamber of Commerce)
Maureen Kennelly (Poetry Ireland)
Ted Owens (Cork Education & Training Board)

**Gearrliosta Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna**
Alan Crosbie
Professor Adrian Dixon
Dr Beatrice Doran
Professor Suzanne Quin

**Céimithe**
Owen Dineen
Dr Rosarii Griffin
Dr Valerie Mannix

**Ard-Mhéara Chorcaí**
Cllr Chris O'Leary

**Méara an Cheantair Uirbeach, Port Láirge**
Cllr Eamon Quinlan

**Gearrliosta Ainmní Ollscoil Náisiúnta na hÉireann**
Nuala O'Connor
Dermot O'Mahoney

**Ainmnithe gComhairlí sna Contaetha Riaracháin seo a leanas:**
Corcaigh: Cllr Bernard Moynihan
Port Láirge: Cllr John Cummins
(Mayor of the City & County)
Ciarraí: Cllr Jim Finucane
Luimneach: Cllr Eddie Ryan
Comhchomhairlí Contaetha Thiobraid Árainn:
Cllr Michael Fitzgerald